2026/692

23.3.2026

TREOIRLÍNE (AE) 2026/692 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 22 Eanáir 2026

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2024/3129 maidir le bainistiú comhthaobhachta in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (BCE/2024/22) *(BCE/2026/4)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3, 18.2, agus an chéad fhleasc d'Airteagal 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Lúnasa 2024, ghlac an Chomhairle Rialaithe Treoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/22) ([1]), lenar bunaíodh rialacha agus socruithe comhchuibhithe maidir le slógadh agus bainistiú comhthaobhachta atá incháilithe faoi Threoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([2]) agus/nó faoi Threoirlíne BCE/2014/31 ón mBanc Ceannais Eorpach ([3]) ar bhonn intíre nó trasteorann chun oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais a chomhthaobhú. Áirítear le comhthaobhacht incháilithe den sórt sin ionstraimí fiachais miondíola arna dtacú le morgáistí (RMBDanna) agus ionstraimí fiachais neamh-indíolta arna dtacú le héilimh chreidmheasa incháilithe (non-marketable debt instruments backed by eligible credit claims, DECCanna).

(2) An 29 Samhain 2024, chinn an Chomhairle Rialaithe deireadh a chur le hincháilitheacht RMBDanna agus DECCanna mar chomhthaobhacht, agus léirítear an cinneadh sin, *inter alia*, i dTreoirlíne (AE) 2026/689 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2026/1) ([4]) lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60), agus i dTreoirlíne (AE) 2026/691 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2026/3) ([5]) lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/31.

(3) Dá bhrí sin, is gá an deireadh atá á chur le hincháilitheacht RMBDanna agus DECCanna a bheith ina gcomhthaobhacht a léiriú i dTreoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22) mar a leanas:

1. in Airteagal 1(3), scriostar pointe (b);

([1]) Treoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Lúnasa 2024 maidir le bainistiú comhthaobhachta in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (BCE/2024/22) (IO L, 2024/3129, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2024/3129/oj).

([2]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2015/510/oj).

([3]) Treoirlíne BCE/2014/31 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Iúil 2014 maidir le bearta sealadacha breise a bhaineann le hoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus le hincháilitheacht comhthaobhachta agus lena leasaítear Treoirlíne BCE/2007/9 (IO L 240, 13.8.2014, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2014/528/oj).

([4]) Treoirlíne (AE) 2026/689 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2026 lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 maidir le cur chun feidhme chreat beartais airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2014/60) (BCE/2026/1) (IO L, 2026/689, 23.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2026/689/oj)

([5]) Treoirlíne (AE) 2026/691 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2026 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/31 maidir le bearta sealadacha breise a bhaineann le hoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus le hincháilitheacht comhthaobhachta (BCE/2026/3) (IO L, 2026/691, 23.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2026/691/oj).

2. leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) ciallaíonn "éileamh creidmheasa breise" nó "ACC" éileamh creidmheasa breise atá incháilithe faoi Airteagal 4 de Threoirlíne BCE/2014/31;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

'(2) ciallaíonn "cuntas sócmhainní": (a) i ndáil le sócmhainní indíolta a shlógadh: (i) cuntas arna oscailt ag BCN ina leabhair féin; (ii) cuntas arna oscailt sna leabhair atá ag córas socraíochta urrús nó ag BCN eile atá ag gníomhú mar bhanc ceannais comhfhreagrach; agus (b) i ndáil le sócmhainní neamh-indíolta a shlógadh: (i) cuntas arna oscailt ag BCN ina leabhair féin; (ii) cuntas arna oscailt i leabhair BCN eile ag gníomhú dó mar bhanc ceannais comhfhreagrach. Gairtear "cuntais sheachtracha sócmhainní" de chuntais den sórt sin a osclaítear in institiúid seachas an banc ceannais baile; gairtear "cuntais inmheánacha sócmhainní" de chuntais den sórt sin a osclaítear i leabhair an bhainc ceannais baile;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (21):

'(21) ciallaíonn "slógadh trasteorann" slógadh na nithe seo a leanas: (a) sócmhainní indíolta: (i) arna sealbhú i mBallstát nach ionann é agus Ballstát an bhainc ceannais baile; agus (ii) arna n-eisiúint i mBallstát nach ionann é agus Ballstát an bhainc ceannais baile agus arna sealbhú i mBallstát an bhainc ceannais baile; (b) éilimh chreidmheasa arna rialú le dlí seachas dlí na dlínse ina bhfuil an banc ceannais baile bunaithe; nó (c) ACCanna arna rialú le dlí seachas dlí na dlínse ina bhfuil an BCN a fhaigheann an chomhthaobhacht bunaithe;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (22):

'(22) ciallaíonn "slógadh rochtana dírí" slógadh sócmhainní indíolta i gcás ina bhfaigheann BCN na sócmhainní sin isteach i gcuntas urrús arna sealbhú ag an BCN sin i dtaisclann lárnach urrús atá lonnaithe i ndlínse seachas an dlínse ina bhfuil an BCN bunaithe;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (24):

'(24) ciallaíonn "slógadh intíre": (a) maidir le sócmhainní indíolta, slógadh sócmhainne arna heisiúint agus arna sealbhú i dtaisclann lárnach urrús atá lonnaithe sa dlínse chéanna ina bhfuil an banc ceannais baile bunaithe; agus (b) maidir le héilimh chreidmheasa agus le ACCanna, slógadh éileamh creidmheasa agus ACCanna arna rialú le dlí na dlínse ina bhfuil an banc ceannais baile bunaithe;';

(f) scriostar pointe (43);

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (44):

'(44) ciallaíonn "comhthiomsú" an modh oibríochtúil a úsáideann BCNanna chun comhthaobhacht arna slógadh ag contrapháirtithe a choimeád, trína gcuireann an contrapháirtí comhthaobhacht ar fáil do BCN chun creidmheas ón BCN sin a chomhthaobhú, agus ar modh oibríochtúil é nach bhfuil sócmhainní incháilithe aonair nasctha ann le haon oibríocht shonrach chreidmheasa de chuid an Eurochórais;';

(h) scriostar pointe (47);

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (48):

'(48) ciallaíonn "modh coinneála clárúcháin" coinneáil sócmhainní indíolta a shlógtar mar chomhthaobhacht ar chuntas urrús de chuid an chontrapháirtí;';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (51):

'(51) ciallaíonn "modh aistrithe clárúcháin" seachadadh sócmhainní indíolta a shlógtar mar chomhthaobhacht ó chuntas urrús de chuid an chontrapháirtí chuig cuntas urrús de chuid an BCN;';

3. leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Chun sócmhainní indíolta a fháil mar chomhthaobhacht ó chontrapháirtithe, féadfaidh BCNanna cuntais sheachtracha sócmhainní a oscailt. Ní osclófar cuntais den sórt sin ach amháin i gcóras socraíochta urrús incháilithe (SSS incháilithe).';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) sócmhainní indíolta;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, pointe (b):

‘(b) sócmhainní neamh-indíolta.’;

4. leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar an tagairt do ‘agus DECCanna’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Ní dhéanfar éilimh chreidmheasa a shlógadh mar chomhthaobhacht trí shamhail na baincéireachta ceannais comhfhreagraí (SBCC) ach amháin chun oibríochtaí creidmheasa de chuid an Eurochórais a chomhthaobhú. Ní dhéanfar ACCanna ná taiscí téarma shocraithe (fixed term deposits, FTDanna) a shlógadh mar chomhthaobhacht trí SBCC.’;

5. leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) sa teideal agus i míreanna 2, 5, 6 agus 7, scriostar tagairtí do ‘agus DECCanna’;

(b) i míreanna 1 agus 3, scriostar tagairtí do ‘nó DECCanna’;

6. leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:
‘**Sócmhainní neamh-indíolta a shlógadh agus a dhíshlógadh’**;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Is i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna sainiú ag an mbanc ceannais baile a dhéanfar comhthiomsuithe ACCanna a shlógadh agus a dhíshlógadh.’;

7. in Airteagal 7, mír 1, pointe (a), agus mír 2, scriostar tagairtí do ‘agus DECCanna’;

8. in Airteagal 8(4), scriostar an tagairt do ‘agus DECCanna’;

9. in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir le contrapháirtithe a bhfuil rochtain acu ar chreidmheas ionlae in TARGET, cuirfear ar fáil mar líne chreidmheasa i gcomhréir le mír 4 gach luach comhthaobhachta sa chomhthiomsú comhthaobhachta siúd de chuid an chontrapháirtí atá tiomnaithe do chomhthaobhacht oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais agus nach bhfuil ag teastáil chun oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chomhthaobhú agus nach bhfuil forchoimeádta.’;

10. in Airteagal 10, míreanna 1, 6, 8 agus 11, scriostar tagairtí do ‘nó DECCanna’;

11. leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar an tagairt do ‘agus DECCanna’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir le héilimh chreidmheasa agus ACCanna a shlógtar mar chomhthaobhacht, is é an banc ceannais baile nó, i gcás comhthaobhacht arna slógadh trí bhíthin SBCC, is é an banc ceannais comhfhreagrach a chinnfidh cibé acu a ghearrfar nó nach ngearrfar táille. I gcás ina ngearrtar táillí, is é an banc ceannais baile, nó i gcás comhthaobhacht arna slógadh trí bhíthin SBCC, is é an banc ceannais comhfhreagrach a chinnfidh leibhéal na táille idirbhirt agus na táille seirbhíse.’.

Airteagal 2

Gabháil éifeachta agus cur chun feidhme

1. Gabhfaidh éifeacht leis an Treoirlíne seo an lá a dtabharfar fógra fúithi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. Glacfaidh bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus chun í a chur i bhfeidhm ón 30 Márta 2026. Tabharfaidh siad fógra faoi na téacsanna agus faoi na meáin a bhaineann leis na bearta sin do BCE faoin 4 Márta 2026 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo chuig bainc cheannais uile an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 22 Eanáir 2026.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE